2025/1118

3.6.2025

CINNEADH (AE) 2025/1118 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Bealtaine 2025

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 ('an Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1995. Tugadh an Coinbhinsiún i gcrích le haghaidh tréimhse 3 bliana agus cuireadh síneadh leis go rialta.

(2) De bhun Airteagal 33 den Choinbhinsiún, féadfaidh an Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, a bunaíodh le hAirteagal 9 den Choinbhinsiún, síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún le haghaidh tréimhsí comhleanúnacha nach rachaidh thar 2 bhliain gach uair. Ó tugadh an Coinbhinsiún i gcrích, cuireadh síneadh leis go tráthrialta le haghaidh tréimhsí breise 2 bhliain. Cuireadh síneadh leis an gCoinbhinsiún go deireanach le cinneadh ón gComhairle Idirnáisiúnta Grán an 14 Meitheamh 2023 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2025.

(3) Ag an 62ú seisiún a bheidh ag an gComhairle Idirnáisiúnta Grán an 12 Meitheamh 2025, tá sí le cinneadh a ghlacadh maidir le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún go ceann tréimhse bhreise 2 bhliain, ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2027.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, le linn an 62ú seisiún den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán maidir le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún, a bhunú.

(5) Táirgeoir mór gránach is ea an tAontas, mar aon le bheith ar cheann de na honnmhaireoirí is mó cruithneachta agus eorna, agus tá sé ar cheann de na hallmhaireoirí is mó arbhair Indiaigh freisin. Bhí an tAontas i gcónaí ina chomhalta gníomhach den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, a bhfuil ról tábhachtach aici maidir le margaí domhanda grán a chobhsú agus feabhas a chur ar an tslándáil bia. Dá bhrí sin, is chun leas an Aontais é síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 62ú seisiún den Chomhairle Idirnáisúnta Grán vótáil i bhfabhar síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995, go ceann tréimhse bhreise 2 bhliain ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

C. SIEKIERSKI

([1]) Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1995 lenar fhormheas an Comhphobal Eorpach an Coinbhinsiún Trádála Gráin agus an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia, lenar bunaíodh an Comhaontú Idirnáisiúnta Grán, 1995 (IO L 21, 27.1.1996, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1996/88/oj).